# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Stair

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Nótaí Mínithe Marcála Ar Líne

| Siombail | Cur síos | Arna Léiriú |
|---|---|---|
|  | Tic le huimhir | Tic le luach na marcanna bronnta (m.sh. 3 mharc) |
| 0 | Náid | Gan aon mharc bronnta |
|  | Tic (bán) | Pointe bailí/ceart/ábhartha, ach gan aon mharc bronnta mar tá an t-uasmharc faighte cheana |
|  | Ceartingearach corrach | Leathanach/roinn feicthe ag an scrúdaitheoir |
| **GF** | Gan aon fhreagra | Níor freagraíodh an cheist. |

## Tábla Grádaithe (as 360 marc)

| Marcanna | % | Bronn |
|---|---|---|
| 324-360 | 90-100 | Gradam |
| 270-323 | 75-89 | Ardtuillteanas |
| 198-269 | 55-74 | Tuillteanas |
| 144-197 | 40-54 | Gnóthaithe |
| 72-143 | 20-39 | Gnóthaithe go Páirteach |
| 0-71 | 0-19 | Neamhghrádaithe |

**Réasúnaíocht**

Sna Torthaí Foghlama sa Sonraíocht Staire na Sraithe Sóisearaí, leagtar amach cad ba cheart a bheith ar eolas ag daltaí, chomh maith le cad ba cheart dóibh a thuiscint agus a bheith in ann a dhéanamh. Tá sé mar aidhm ag na ceisteanna ar an bpáipéar scrúdaithe tástáil a dhéanamh ar an eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna atá sealbhaithe ag daltaí le linn dóibh staidéar a dhéanamh ar na Torthaí Foghlama don Stair.

Maidir leis na Torthaí Foghlama atá le tástáil in aon scrúdú faoi leith, is sampla iad de na Torthaí Foghlama don Stair. Seans go ndéanfaidh roinnt ceisteanna tástáil ar níos mó na Toradh Foghlama amháin. Tabharfar Torthaí Foghlama Snáithe a hAon isteach i gceisteanna ar fud an pháipéir scrúdaithe.

Glacfar leis go dtabharfaidh múinteoirí agus daltaí faoi na Torthaí Foghlama ar bhealaí éagsúla, ag braith ar na suimeanna ar leith atá acu, cúinsí áitiúla, srl. Glacfar le réimse léirmhínithe ar na Torthaí Foghlama laistigh den phróiseas marcála.

**Nósanna Imeachta Maidir le Marcáil**

Tá an nós imeachta maidir le marcáil mar seo a leanas:

- Léamh agus anailís chúramach ar na freagraí go léir.
- Leithdháileadh marcanna ar gach freagra i gcomhréir leis an scéim a comhaontaíodh.

Gach freagra a tugadh a léamh, lena n-áirítear freagraí iomarcacha, athráite, agus freagraí curtha ar ceal. Glactar leis an bhfreagra a ghnóthaíonn na marcanna is mó, laistigh de threoirlínte an pháipéir scrúdaithe.

Bíonn freagraí/pointí ar leith ag teastáil i gcás roinnt ceisteanna, mar atá leagtha amach sa scéim marcála. Ní féidir marcanna a bhronnadh ach ar an bhfreagra a thugtar sa scéim nó focail eile ar aon dul leis.

Maidir leis na ceisteanna eile, is féidir glacadh le réimse freagraí. Níl sna pointí samplacha a thugtar sa scéim marcála ach pointí táscacha; d'fhéadfadh pointí/freagraí malartacha a bheith bailí. Úsáidtear 'srl.' mar chomhartha go bhféadfaí glacadh le freagraí eile.

Má táthar in amhras faoi fhreagra a bheith bailí, ní mór do scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

Ní mór do scrúdaitheoirí nótaí a chur le freagraí iarrthóirí mar a dúradh leo le linn na comhdhála marcála.

Má scríobhann iarrthóir níos mó ina f(h)reagra ná an méid a theastaíonn chun an t-uasmharc a bhaint amach, ba chóir don scrúdaitheoir ticeanna "bána" a chur isteach chun a léiriú cá bhféadfaí marcanna breise a bhronnadh.

Ba cheart nóta mínithe 'náid' a chur isteach sa chás gur tugadh freagra ar cheist ach nach bhfuil sé maith a dhóthain chun marcanna a ghnóthú.

Ba cheart don scrúdaitheoir GF (Gan aon Fhreagra) a chur isteach sa chás nár tugadh freagra ar bith ar cheist.

Ní ceart pionós a ghearradh ar bhotúin litrithe, ghramadaí agus/nó ar bhotúin phoncaíochta.

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Meaitseáil gach earra le huimhir an fhótagraif chuí.*<br><br>Grianghraf agus na huimhreacha san ord ceart: 3 4 2 6 1 5<br>**6 x 3 mharc** | **18** |
| **(b)** | *Céard is brí leis an téarma 'déantán'?*<br><br>Ní mór **de dhéantús an duine** agus/nó **a d'úsáid daoine san am atá thart** a bheith luaite sa fhreagra: **3 mharc**<br><br>Freagra amhail " tháinig seandálaí ar an rud" **1 mharc ar a mhéad**<br><br>Déantán ainmnithe (m.sh. uirlis/arm), gan mhíniú: **1 mharc ar a mhéad** | **3** |
| **(c)** | *Cén t-eolas a d'fhéadfadh seandálaí a fháil ó anailís DNA ar chnámh géill an duine?*<br><br>Lorg dhá phointe éagsúla: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>An áit as ar tháinig an duine/gluaiseachtaí daoine/ gaol le daoine eile/gnéas an duine/ cuma an duine amhail dath na gruaige/<br>dath na súl/ dath an chraicinn/ fadhbanna sláinte/ aois an duine aonair/ aiste bia. | **6** |
| **(d)** | *Ainmnigh agus mínigh* ***dhá*** *mhodh dhifriúla a mbaintear feidhm astu chun rudaí a fuarthas le linn tochailtí seandálaíochta a dhátú.*<br><br>I measc na modhanna dátaithe a d'fhéadfaí a lua tá: dátú charbón 14/dátú radacarbóin; stratagrafaíocht; dátú fáinní crainn; deindreacroineolaíocht; srathú, srl.<br><br>An modh dátaithe a bheith ainmnithe/aitheanta **2 x 3 mharc**<br><br>An modh dátaithe a bheith mínithe: **2 x 3 mharc**<br><br>Déan caighdeán an mhínithe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **12** |

| C 1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (e) | *Ainmnigh an tsibhialtacht ársa nó mheánaoiseach a ndearna tú staidéar uirthi i do chúrsa staire don tSraith Shóisearach. Déan cur síos ar* ***thrí*** *ní thábhachtacha a bhain an tsibhialtacht a ndearna tú staidéar uirthi amach.*<br><br>Ainm na sibhialtachta: **3 mharc**<br><br>Trí ghaisce thábhachtacha **3 x 3 mharc**<br><br>Déan caighdeán gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Gaisce atá luaite ach gan aon chur síos air: **1 mharc ar a mhéad** | **12** |
| (f) | *I do thuairim féin, cé acu de na gaiscí sin ba mhó a raibh tionchar aige ar chúrsa na staire ina dhiaidh sin? Mínigh do fhreagra.*<br><br>Ba chóir go léireodh an freagra an cumas chun gaisce a roghnú agus chun údar a thabhairt leis an rogha i bhfianaise tarlúintí/eachtraí ina dhiaidh sin<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar **scála aistritheach de 6 mharc**:<br><br>**6 mharc = sármhaith**<br>**4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Gaisce atá luaite ach gan aon mhíniú air **1 mharc ar a mhéad** | **6** |

(57 marc)

| C 2 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén fhianaise san íomhá a thaispeánann go raibh John Tetzel ina mhanach?*<br><br>D'fhéadfadh ceann amháin de na nithe seo a leanas a bheith luaite sa fhreagra:<br>• Corann/stíl gruaige manaigh Tetzel<br>• Aibíd/feisteas manaigh Tetzel<br>• Tá colm os a chionn<br>• Tá litir logha aige<br>• Tagairtí do "Dominicanus" ón inscríbhinn Laidine **3 mharc**<br><br>Má tá sé luaite go bhfuil cloigín aige nó go bhfuil sé ar muin capaill, ná glac leis sin. | **3** |
| **(b)** | *De réir an rainn, cén dóigh a bhféadfadh anamacha dul isteach sna Flaithis?*<br><br>D'fhéadfaidís íoc (le hór) as dul chun na bhFlaitheas **3 mharc** | **3** |
| **(c)** | *Scríobh cuntas ar leasaitheoir creidimh a ndearna tú staidéar air i do chúrsa staire don tSraith Shóisearach.*<br><br>Ainm an leasaitheora: **3 mharc**<br>Cuntas ar an leasaitheoir: **18 marc**<br><br>D'fhéadfadh pointí bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a bheith sa chuntas:<br>• Príomhghníomhartha an leasaitheora i dtaca leis an Reifirméisean.<br>• Creideamh an leasaitheora<br>• Athruithe ar chúrsaí creidimh/polaitíochta san Eoraip mar thoradh ar ghníomhartha an leasaitheora<br>• Tionchar fadtéarmach an leasaitheora, srl.<br><br>Bronn 3 mharc an ceann (suas le huasmhéid de 18 marc) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach a bhaineann le gníomhartha/ creideamh/leasuithe an leasaitheora, srl.<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú.<br><br>Ná bronn marc ar bith le haghaidh eolas beathaisnéiseach nach mbaineann le leasú creidimh.<br><br>Faisnéis chúlra faoi mhí-úsáid san Eaglais Chaitliceach: **3 mharc ar a mhéad** | **21** |

(27 marc)

| **C 3** | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **(a)** | *Meaitseáil* ***sé*** *théarma le mínithe comhfhreagracha ón tábla.*<br><br>1 = Foroinnt<br>2 = Monashaothrú<br>3 = Dúchan na bprátaí<br>4 = Gorta<br>5 = [Riaráistí]<br>6 = Dísheallbhú<br>7 = Tiarna talún neamhchónaitheach<br>8 = Laissez-faire<br>9 = Teach na mBocht<br>10 = Eisimirce **6 x 3 mharc**<br><br>(Ná bronn aon mharcanna le haghaidh 5 = Riaráistí.) | **18** |
| **(b)** | *Ainmnigh* ***dhá*** *thír, seachas Éire, a raibh tionchar ag dúchan na bprátaí orthu.*<br><br>Tá Sasana agus an Bheilg luaite ar an léarscáil.<br>Glac le tíortha eile amhail an Fhrainc, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Danmhairg, an tSualainn, an Iorua, an Pholainn, Albain, an Bhreatain Bheag, srl.<br>**3 mharc + 3 mharc** | **6** |
| **(c)** | *Cad iad ann* ***dá*** *chathair ar taifeadadh an dúchan thart orthu i mí an Mheithimh 1845?*<br><br>An Bhruiséil **3 mharc**<br><br>Frankfurt **3 mharc** | **6** |
| **(d)** | *Cén áit ar taifeadadh an dúchan in Éirinn den chéad uair agus cén dáta?*<br><br>“Garraithe Náisiúnta na Lus” agus/nó “Glas Naíon, Baile Átha Cliath”:<br>**3 mharc**<br><br>Mura bhfuil ach “Baile Átha Cliath” amháin luaite sa fhreagra: **1 mharc**<br><br>20 Lúnasa 1845: **3 mharc**<br>20 Lúnasa: **1 mharc** | **6** |

| C 3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (e) | *Mínigh buntáiste amháin a bhaineann leis an eolas faoi dhúchan na bprátaí a thaispeáint ar léarscáil in ionad cur síos a dhéanamh ar an eolas céanna in alt scríofa.*<br><br>Glac le freagraí ina ndéantar tagairt do nithe amhail an éifeacht fhísiúil a bhaineann le faisnéis a fheiceáil d'aon amharc, an tábhacht a bhaineann le dathchódú/lipéid, an tuiscint go raibh formhór na hEorpa buailte ag dúchan na bprátaí ach nach raibh gorta forleathan mar thoradh air in aon áit seachas in Éirinn, srl.<br><br>Glac le freagraí freisin ina luaitear go mbeadh gá le go leor mionsonraí in alt chun an fhaisnéis chéanna a mhíniú, mar shampla logainmneacha, dátaí, achair, srl.<br><br>Déan caighdeán an fhreagra a mharcáil ar **scála aistritheach de 6 mharc**:<br><br>**6 mharc = sármhaith**<br>**4 mharc = maith/an-mhaith**<br>**2 mharc = dona/réasúnta**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Tabhair **4 mharc ar a mhéad** sa chás nach bhfuil **comparáid** idir léarscáil agus alt scríofa luaite sa fhreagra nó mura bhfuil sé intuigthe as. | **6** |
| (f) | *Luaigh **ceithre** iarmhairt a bhain leis an nGorta Mór?*<br><br>Ceithre iarmhairt a bhain leis an nGorta Mór **4 x 3 mharc**<br><br>Glac le freagraí ina ndéantar tagairt d'iarmhairtí ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta Glac le pointí a mhíníonn iarmhairt an Ghorta Mhóir ar leibhéal an pharóiste/an bhaile nó an chontae, nó i measc eisimircigh an Ghorta Mhóir agus a sliocht thar lear, srl.<br><br>Ná tabhair 3 mharc iomlán ach sa chás go dtugtar faisnéis chruinn fhíorasach, m.sh.,<br>"Fuair milliún duine bás" = 3 mharc<br>"Fuair a lán daoine bás" = 1 mharc | **12** |

(54 marc)

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *De réir Fhoinse 1, cén tionchar a bhí ag an ionsaí a rinne an namhaid ar Ard-Oifig an Phoist le sliogáin ar an Déardaoin?*<br><br>Dhá phointe ar bith: **2 mharc + 2 mharc**<br><br>Glac le freagraí ina luaitear nár buaileadh go díreach iad/ teas ó fhoirgnimh trí thine/ gur gá daingniúcháin fuinneog a choinneáil fliuch/ fir smeartha le súiche/ scallta ag gal/ loiscthe ag tinel. | **4** |
| **(b)** | *De réir Fhoinse 1, cén fáth ar fhág na hÓglaigh Ard-Oifig an Phoist tráthnóna Dé hAoine?*<br><br>Dhá phointe ar bith: **2 mharc + 2 mharc**<br><br>Glac le freagraí ina ndéantar tagairt do nithe amhail sliogáin ag bualadh Ard-Oifig an Phoist/ tinte ag briseadh amach/ tosach an fhoirgnimh ina bhladhmsach thine/ iad i gcruachás doréitithe. | **4** |
| **(c)** | *An foinse phríomhúil nó foinse thánaisteach í Foinse 1? Tabhair fáth le do fhreagra.*<br><br>Bunfhoinse: **3 mharc**<br>Cúis: **3 mharc**<br><br>Déan caighdeán na cúise a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Bheadh na nithe seo a leanas sásúil mar chúis; gur bhall d'Óglaigh na hÉireann a bhí in Ard-Oifig an Phoist le linn an Éirí Amach a scríobh é/ gur ghlac an scríbhneoir páirt dhíreach in eachtraí 1916/ go ndéanann sé tagairt "dár" seasamh in Ard-Oifig an Phoist. srl | **6** |

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(d)** | *Maidir le heachtraí ag Ardoifig an Phoist le linn Éirí Amach 1916, luaigh* ***dhá*** *bhealach a dtacaíonn an fhianaise amhairc atá le fáil i bhFoinse 2 leis an bhfianaise scríofa atá i bhFoinse 1?*<br><br>Déan gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc + 3 mharc**<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Tabhair marcanna do fhreagraí ina ndéantar **nasc** díreach idir an dá fhoinse nó ina bhfuil sé intuigthe:<br>• Is fianaise é ballaí dóite Ard-Oifig an Phoist atá le feiceáil sa ghrianghraf/Foinse 2 ar an tine a bhfuil cur síos uirthi i bhFoinse 1, áit a ndeirtear "go raibh gach cuid den fhoirgneamh trí thine".<br>• Déantar cur síos i bhFoinse 1 ar shliogáin á radadh isteach san fhoirgneamh Taispeántar i bhFoinse 2 solas an lae ag soilsiú trí na fuinneoga uachtair toisc go raibh an díon scriosta.<br>• Is fianaise ar an damáiste a rinne na sliogáin na cairn smionagair ar an tsráid.<br><br>Mura bhfuil nasc luaite/intuigthe, bronn 1 mharc in aghaidh gach pointe. | **6** |
| **(e)** | *Seachas an tÉirí Amach, céard eile is féidir le Foinse 2 a insint dúinn faoin saol i mBaile Átha Cliath in 1916?*<br><br>Lorg 2 phointe. D'fhéadfadh tagairt d'fheisteas, do thramanna/do chóras iompar, don ailtireacht/do leacht cuimhneacháin (Colún Nelson), srl. a bheith i bhfreagraí sásúla.<br><br>Déan gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc + 3 mharc**<br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |
| **(f)** | *Ainmnigh* ***beirt*** *cheannairí a shínigh Forógra na Saoirse in 1916.*<br><br>Ainmneacha beirt sínitheoirí: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Thomas J. (Tom) Clarke, Seán Mac Diarmada, Thomas Mac Donagh, P.H. Pearse, Éamonn Ceannt, James Connolly, Joseph Plunkett. | **6** |

| C 4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (g) | *Mínigh **dhá** iarmhairt a bhain le hÉirí Amach 1916.*<br><br>Dhá iarmhairt ainmnithe/aitheanta **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Míniúcháin: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Déan caighdeán gach mínithe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Tabhair marcanna do fhreagraí ina luaitear nasc idir Éirí Amach 1916 (nó daoine a raibh baint acu leis) agus eachtraí a thit amach i stair na hÉireann ina dhiaidh sin. D'fhéadfadh tagairt d'iarmhairtí ag an am sin nó d'iarmhairtí a mhair níos faide a bheith i bhfreagraí sásúla. | **12** |

(44 marc)

| C 5 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Céard iad na príomhchúiseanna a bhí leis an gCogadh Domhanda a ndearna tú staidéar air?*<br><br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le huasmhéid de 12 mharc) le haghaidh na nithe seo leanas.<br><br>• Pointe tábhachtach a bhaineann leis an gcogadh a ndearna an t-iarrthóir staidéar air.<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú. | **12** |
| **(b)** | *Déan liosta de **cheithre** cinn d'imeachtaí tábhachtacha a tharla i gcaitheamh an Chogaidh Dhomhanda a ndearna tú staidéar air agus scríobh síos in ord croineolaíoch iad. (**Ní** gá dátaí a lua).*<br><br>Ainmneacha ceithre eachtra thábhachtacha: **4 x 2 mharc**<br><br>Ord ceart croineolaíoch: **4 x 2 mharc**<br><br>Ní mór dhá eachtra ar a laghad a bheith breactha síos chun marcanna a bhronnadh le haghaidh ord croineolaíoch. | **16** |
| **(c)** | *Mínigh go gonta **dhá** fhorbairt a rinneadh sa chogaíocht le linn an Chogaidh Dhomhanda a ndearna tú staidéar air. (m.sh. airm, córas iompair, agus/nó córas cumarsáide, srl.)*<br><br>Déan gach pointe a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br>**3 mharc + 3 mharc**<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **6** |

| C 5 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(d)** | *Roghnaigh tír* ***amháin*** *a bhí páirteach sa Chogadh Domhanda a ndearna tú staidéar air. Céard iad na bealaí a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar shaol na ndaoine sa tír sin?*<br><br>Ainm na tíre: **3 mharc**<br>An bealach a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar dhaoine sa tír sin **15 mharc**<br><br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le huasmhéid de 15 mharc) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach a bhaineann leis an mbealach a ndeachaigh an cogadh i bhfeidhm ar dhaoine sa tír<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir<br><br>Má thuilleann an freagra níos mó marcanna ná an t-uasmhéid, úsáid ticeanna bána chun aon phointí bailí breise sa fhreagra a léiriú | **18** |

(52 marc)

| C 6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cén aois a bhí ag Tomi Reichental nuair a tugadh go Bergen-Belsen é in 1944?*<br><br>8 nó 9 mbliana d'aois **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Cén cruatan a d'fhulaing teaghlach Reichental ar a mbealach go Bergen-Belsen?*<br><br>Lorg dhá phointe: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith luaite i bhfreagraí sásúla; iad a bheith i gcarráiste eallaigh/bosca ar rothaí; plódú; buicéad mar leithreas; nár caitheadh leo mar shaoránaigh ná mar dhaoine a thuilleadh; turas 7 lá. | **6** |
| **(c)** | *Céard a scanraigh Tomi Reichental nuair a stop an traein?*<br><br>Lorg dhá phointe: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith luaite i bhfreagraí sásúla; guthanna na nGearmánach agus iad ag screadaíl agus ag béicíl; an tafann gan staonadh [madraí]; an solas geal. | **6** |
| **(d)** | *Cén difríocht atá idir beathaisnéis agus dírbheathaisnéis?*<br><br>Lorg míniú ar bheathaisnéis *agus* ar dhírbheathaisnéis: **3 mharc + 3 mharc**<br>Mura bhfuil ach ceann amháin díobh (beathaisnéis nó dírbheathaisnéis) luaite sa fhreagra: **3 mharc ar a mhéad** | **6** |
| **(e)** | *Mol* ***dhá*** *chúis a bhfuil sé tábhachtach go n-inseofaí scéal Tomi Reichental.*<br><br>Dhá chúis: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Déan gach cúis a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Glac le pointí amhail tábhacht an Uileloiscthe sa stair; marthanóir/duine a mhair tríd is ea é a bhfuil in ann fianaise a thabhairt air; chun cuimhneamh orthu siúd a fuair bás; chun cur i gcoinne shéanadh an Uileloiscthe, srl. | **6** |

| C 6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *Céard is brí leis an téarma, 'an tUileloscadh'?*<br><br>Déan an freagra a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Dúnmharú eagraithe 6 mhilliún Giúdach a rinne na Naitsithe le linn an Dara Cogadh Domhanda. | **3** |
| **(g)** | *Seachas na Giúdaigh san Eoraip, ainmnigh* ***dhá*** *ghrúpa eile daoine a roghnaigh na Naitsithe chun géarleanúint a dhéanamh orthu agus mínigh an fáth a ndearna na Naitsithe géarleanúint orthu.*<br><br>Dhá ghrúpa eile ainmnithe **3 mharc + 3 mharc**<br>Míniúcháin: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Déan gach míniú a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Glac le tagairt do ghrúpaí amhail na Romaigh; daoine faoi mhíchumas; daoine aeracha; Finnéithe Iehova; naimhde na tíre, síochánaithe, na Slavaigh, srl. | **12** |

(42 mharc)

| C 7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | *Cén tasc ar thosaigh Malcolm Sutton ag obair air in 1984?*<br><br>Básanna a thaifeadadh le linn na dTrioblóidí: **3 mharc** | **3** |
| (b) | *Luaigh píosa* ***amháin*** *fianaise a d'fhéadfadh Sutton a aimsiú i ngach ceann de* ***dhá*** *cheann de na nithe seo a leanas chun cuidiú leis ina chuid oibre? Taifid Leabharlainne/Chúirte/ léarscáileanna Reilige/ Aershuirbhéireachta*<br><br>Sampla d'fhianaise as gach ceann de dhá fhoinse: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Glac le pointí amhail na cinn seo a leanas:<br>Leabharlann: tuairiscí ar bhásanna i nuachtáin/leabhair ina fhaightear eolas fíorasach faoi bhásanna le linn na dTrioblóidí.<br>Reilig: ainmneacha, dátaí breithe/báis, ainmneacha daoine muinteartha, srl. ar leaca uaighe.<br>Taifid chúirte: sonraí faoi na maruithe - cé hiad a bhí taobh thiar díobh, conas a rinneadh iad/an chúis leo.<br>Léarscáileanna aershuirbhéireachta: d'fhéadfaidís an tslí a ndearnadh luíochán a mhíniú/ an fad idir áiteanna/eachtraí a thaispeáint. | **6** |
| (c) | *Cé mhéad sibhialtach a maraíodh le linn na dTrioblóidí, de réir Thábla 1?*<br><br>1840 sibhialtach: **3 mharc** | **3** |
| (d) | *Cad é líon iomlán na mbásanna a raibh paraimíleataigh na nDílseoirí agus paraimíleataigh Phoblachtacha mar chúis leo, de réir Thábla 2?*<br><br>3084 bás: **3 mharc** | **3** |
| (e) | *Céard iad na cúinsí a spreag briseadh amach na coinbhleachta i dTuaisceart Éireann ag deireadh na 1960idí?*<br><br>Déan gach pointe bailí a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Bronn **3 mharc** an ceann (suas le huasmhéid de 12 mharc) le haghaidh na nithe seo leanas.<br>• Pointe tábhachtach<br>• Pointe tábhachtach a dtógtar air agus eolas nua á chur in iúl dá réir | **12** |

(27 marc)

| C 8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(a)** | *Cá mhéad bliain óna chéile a imríodh na cluichí camógaíochta a thaispeántar san dá fhótagraf?*<br><br>104 bliain: **3 mharc** | **3** |
| **(b)** | *Luaigh **trí** dhifríocht idir an dá chluiche camógaíochta? Bain úsáid as fianaise as na fótagraif chun tacú le do fhreagra.*<br><br>Trí dhifríocht: **3 x 3 mharc**<br><br>Ba cheart tagairt shoiléir do ghrianghraf amháin nó don dá cheann a bheith sna pointí. D'fhéadfadh feisteas/clogaid na n-imreoirí/ urraíocht/ stíl na himeartha/ a bhfuil timpeall orthu, srl. a bheith luaite sa fhreagra | **9** |
| **(c)** | *Cén fhianaise ar leanúnachas atá sa dhá fhótagraf?*<br><br>Dhá phointe a léiríonn leanúnachas: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>D'fhéadfadh na nithe seo leanas a bheith luaite sa fhreagra; gur léir ón dá ghrianghraf go raibh suim ag mná/ag an lucht féachana sa chamógaíocht/ gur féidir foirne a aithint óna chéile as a ngeansaithe éagsúla sa dá ghrianghraf/ camáin agus sliotair den chineál céanna | **6** |
| **(d)** | *Cuir uimhir ar na heachtraí seo a leanas i stair CLG ó 1 go 7, ag tosú leis an gceann is luaithe agus ag críochnú leis an gceann is deireanaí.*<br><br>Seo an t-ord croineolaíoch: 2 [1] 5 6 4 7 3 **6 x 3 mharc**<br><br>Ná bronn aon mharcanna le haghaidh uimhir 1. | **18** |
| **(e)** | *Ainmnigh gluaiseacht spóirt, chultúrtha nó shóisialta a ndearna tú staidéar uirthi agus a raibh tionchar aici ar shaol na nÉireannach (ar leibhéal áitiúil nó náisiúnta).*<br><br>Ainm na gluaiseachta: **3 mharc** | **3** |

| C 8 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **(f)** | *Dá n-iarrfaí ort cur le stair na gluaiseachta a ndearna tú staidéar uirthi, ainmnigh eachtra amháin a ndíreofá uirthi agus mínigh an fáth ar cheart cuimhneamh ar an eachtra sin.*<br><br>Eachtra a ainmníodh **3 mharc**<br><br>An fáth ar cheart cuimhneamh ar an eachtra sin: **3 mharc**<br><br>Déan an míniú a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha**<br><br>Glac le freagraí ina bpléitear tábhacht phearsanta, áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta. | **6** |
| **(g)** | *Sainaithin dhá fhoinse dhifriúla a mbainfeá úsáid astu chun eolas a fháil faoin imeacht sin. Mínigh conas a d'fhéadfadh gach foinse cuidiú le do chuid taighde.*<br><br>Dhá fhoinse ainmnithe: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Míniúcháin: **3 mharc + 3 mharc**<br><br>Déan gach míniú a mharcáil ar **scála aistritheach de 3 mharc**:<br><br>**3 mharc = an-mhaith**<br>**2 mharc = maith/réasúnta**<br>**1 mharc = dona**<br>**0 marc = gan fiúntas/mícheart/neamhábhartha** | **12** |

(57 marc)

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 360 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 26 |
| 274 - 276 | 25 |
| 277 - 280 | 24 |
| 281 - 283 | 23 |
| 284 - 286 | 22 |
| 287 - 290 | 21 |
| 291 - 293 | 20 |
| 294 - 296 | 19 |
| 297 - 300 | 18 |
| 301 - 303 | 17 |
| 304 - 306 | 16 |
| 307 - 310 | 15 |
| 311 - 313 | 14 |
| 314 - 316 | 13 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 317 - 320 | 12 |
| 321 - 323 | 11 |
| 324 - 326 | 10 |
| 327 - 330 | 9 |
| 331 - 333 | 8 |
| 334 - 336 | 7 |
| 337 - 340 | 6 |
| 341 - 343 | 5 |
| 344 - 346 | 4 |
| 347 - 350 | 3 |
| 351 - 353 | 2 |
| 354 - 356 | 1 |
| 357 - 360 | 0 |
| | |